# Boinn a Fhiosrú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - airgead<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Scileanna Forbartha** | • eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | boinn airgid, cruth, méid, dath, cré-umha, sparán, muc thaisce |
| **Áiseanna** | Uirlis Airgid Mol Mata, boinn airgid |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1 **Gníomhaíocht 1**

Agus fíor-airgead in úsáid agat, fiosraigh cruth, méid agus dath na mbonn i ngrúpaí.

2 **Gníomhaíocht 2**

Agus an Uirlis Airgid Mol Mata in úsáid agat, taispeáin na boinn do na daltaí agus iarr orthu an bonn céanna a thaispeáint duit. Déanann na daltaí cuimilteáin bhonn, 1 p, 2 p, 5 p, 10 p, 20 p.

3 **Gníomhaíocht 3**

Sórtálann na daltaí na boinn de réir critéar éagsúil (dath agus luach).

4 **Gníomhaíocht 4**

Cuireann na daltaí na boinn in ord agus taispeánann siad an t-ord ar an Uirlis Airgid Mol Mata.

5 **Gníomhaíocht 5**

Fiosraigh an coincheap de choibhéis agus iarr ar na daltaí dóigheanna difriúla de 2 p, 3 p, 4 p, 5 p, 10 p srl. a dhéanamh. Taispeánann na daltaí a gcuid réiteach ar an Uirlis Airgid Mol Mata.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén dath atá ar an bhonn 5 p, 10 p srl.?<br>• Cén luach atá ar an bhonn is mó?<br>• Cad é luach iomlán na mbonn atá agat? | • Cá mhéad dóigh dhifriúil a dtig leat 5 p, 7 p a dhéanamh?<br>• Tá 8 p sa mhuc thaisce. Cad iad na boinn fhéideartha? An bhfuair tú na teaglamaí féideartha uilig? Cad é mar atá a fhios agat?<br>• Tá trí bhonn i muc thaisce. Cá mhéad atá sa mhuc thaisce? An bhfuil níos mó ná freagra amháin ann? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.